

Ar Maidin Script 1

Suíomh:

Seomra chailín óg. Tá an ghrian ag lonrú isteach an fhuinneog tríd briseadh ins na cuirtíní agus tá Mamaí ag siúl isteach go ciúin. Tá an cailín óg Anna, ag bogadh sa leaba. Tá sí ag dúiseacht go mall. Tá an lá ag tosnú.

Scene: Young girls' bedroom. The sun is shining in through a slit in the curtains. Anna the young girl, is moving in the bed. She is slowly waking. The day begins.

Mamaí: Dé do bheathasa Anna! Conas tánn tú ar maidin?
Good morning ANNA! How are you?

Anna ag bogadh timpeall. Anna moves about
Cuireann sí a ceann thar an cult/ She raises her head above the duvet
Tá sí ag bogadh go mall/She moves slowly

Anna: A Mhamaí! Mammy!

Tá Anna ag méanfach ach tá sí sásta/Anna yawns happily

Mamaí: An rabhais dúistithe cheana féin? Were you awake already?

Anna: Saghais! Kind of!

Mamaí: An gcodlaís go maith aréir? Did you sleep well last night?

Deireann Anna gur dhein le claonadh dá ceann.

Mamaí: Ó nach deas é sin. That's nice.

Cuireann sí a méar ar chaincín Anna go spráíuil. She places a finger on Anna's nose playfully
Tugann Anna mióngaire dí/Anna smiles at her.

Mamaí: Conas tá peata Mhamaí? How is Mammy's pet?

Anna: Go maith a Mham. Good Mammy

Suíonn Mamaí síos ar leabaigh Anna/Mammy sits on Anna's bed

Mamaí: An gcuimhin leat go rabhais ag taibhreamh aréir?
Do you remember dreaming last night?

Anna: Is cuimhin. I remember.

Mamaí: Abair le Mamaí cad a thit amach? Tell Mammy what happened?

Anna: Is cuimhin liom go raibh mé ag an dtráigh. I remember being on the beach

Mamaí: Cé bhí i do theannta? Who was with you?

Anna: Bhí tusa ann agus bhí Seán ann. You and Seán were there.

- Mamaí:** Cad a bhí ar siúl againn? *What were we doing?*
- Anna:** Bhí caisleán á thógaínt agam agus bhí sliogáin álainne agus feamainn air.
I was building a sand castle with beautiful shells and seaweed.
- Mamaí:** Cad eile a dheineamar? *What else did we do?*
- Anna:** Bhí mé ag snámh agus bhí mé in ann snámh ana mhaith ar fad.
I was swimming and I swam very well indeed!
- Mamaí:** Bhí tú chomh maith san gur shnámh tú an tslí ar fad isteach go leaba Mhamái aréir.
So well that you swam all the ways to Mammys bed!

Deir Anna agus í leath ag gáire....*Anna says jokingly...*

- Anna:** An ea? Caithfidh go bhfuilim ana mhaith ar fad mar sin!! *Really? I must be very good indeed then!!*

Tosnaíonn an bheirt acu ag gáire le chéile. *They both laugh together.*

- Mamaí:** Seo linn síos don mbricfeast a stór. *Let's have breakfast now, dear.*

- Anna:** Ach Mamaí teastaíonn uaim a thuilleadh codladh a dhéanamh. Nílim ullamh fós.
Tá sé deas teolaí anseo.
But Mammy I need to sleep some more. I'm not ready yet. I'm so lovely and cosy here.

Déanann sí í féin beag istigh sa leabaigh. *She makes herself small in the bed*
Deir sí i nguth leochaileach. *She says in a tender voice.*

- Anna:** Cúpla nóiméad eile? Le do thoil? *Just another few minutes? Please?*

Féachann Mamaí ar a huaireadóir. Déanann sí roinnt machnaimh ana thapaigh agus tógann sí cinneadh.

- Mamaí:** Cúpla nóiméad eile a stór, ach sin eile!!! *Another few minutes then and that's all!!!*

Fágann Mamaí an seomra agus isteach léi go dtí a seomra féin. *Mammy leaves the room and goes into her own room*

Tá tuirse uirthi féin leis. *She is also tired*

Féachann sí ar an leabaigh, áit ina raibh sí ina codladh go sámh cúig nóiméad ó shin/*She looks at the bed, in which she slept 5 minutes ago.*

Suíonn sí ar an leaba agus cuireann sí a lámh áit a bhí a corp cúpla nóiméad roimhe/*She sits on the bed and lays her hand where she lay a few moments ago.* Tá sé fós té/*It's still warm*

Leanann an chuid eile dá corp a lámh agus i bpreabadh na súl tá sí ag luí siar sa leabaigh.

Deir sí leí féin.../*She pops back into bed telling herself just 5 more minutes*

- Mamaí:** Díreach néal cúig nóimintí...*just a 5 minute snooze*

Luíonn sí siar agus ar an bpointe tá sí ina codladh/*She lays back and is promptly back to sleep*

Éiríonn Mamaí de gheit. *Suddenly she awakes.*

Thit sí dá codladh! *She had fallen asleep!*

An fada a bhí sí ina codladh! *How long had she been sleeping??*

Beireann sí ar an gclog!/She grabs the clock!

Tá sí déanach/*She's late*

Léimeann sí amach as an leabaigh agus ritheann sí suas an staighre/*She jumps out of bed and runs upstairs*

Mamaí: A Thiarna Dia na glóire san!!!! Féach ar an am!!! Oh *God Almighty!!! Look at the time!!!*

Anna!!!! Anna!! Dúisigh! Tapaigh! Táimid déananch!

Wake up ! Quickly! We're late!

Tá Mamaí anois faoi bhrú. *Mammy is now under pressure.*

Ritheann Mamaí go seomra Anna. *Mammy runs into Anna's room.*

Mamaí: Seo linn Anna, dúisigh aríst. *Come on Anna wake up now.*

Táimid chun a bheith déanach, ní mór dúinn deabhadh a dhéanamh.

We need to hurry now we're going to be late.

Seo linn, brostaigh, tá an iomarca codlata déanta againn.

Let's go, quickly. We've slept in.

Anna: Ach Mamaí ní raibh mé anseo ach soicind amháin... *But I've only been here one second...*

Tógann Mamaí Anna amach as an leaba go deas réigh, á h-ardach suas lena dhá láimh ag breith ar a dhá láimh/*Mammy takes Anna out of bed nice and gently by the hands.*

Mamaí: Anois seo linn éirigh amach, ana chailín. / *Now, let's go, up you get, good girl.*

Anois, an bhfuil Anna in ann í féin a ghléasadh ar maidin? *Now, can Anna dress herself this morning?*

Anna: An féidir liom mo ghúna bán-dearg agus mo chuaráin nua a chaitheamh inniu? *Can I wear my white dress and sandals today?*

Mamaí: Ní féidir, sin don saoire. *No, they're for the holidays/vacation.*

Anna: Ach teastaíonn uaim iad a chaitheamh inniu!
But, I want to wear them today!

Mamaí: Ní féidir leat. Caithfidh tú iad a choimeád don saoire. *But you can't. You have to keep those for the holidays.*

Anna: ...Ach is gá dom iad a thaispeáint do Mhéabh ar scoil...*But I need to show them to Meave in school.*

Mamaí: **Níl aon chiall leis** Anna. *Anna, there's no sense to that.*
Níl an aimsir ann chuige. *The weather is not suitable.*

Bheifeá leata leis an bhfuacht agus gheobhfá slaghdán. *You'd be frozen with the cold and you'll catch a cold.*

Gan bacúint gur don saoire na cuaráin agus an gúna san. *Not to mind that the sandals and dress are for the holidays.*

Anna: Is féidir liom mo gheansáí gorm agus na stocaí leis na réaltíní a chaitheamh leo ionas nach mbead fuar. *I can wear my blue jumper/sweater and my starry socks with them to keep me warm.*

Mamaí: Seo linn, **priocfaimid rud éigin amach** le chéile agus is féidir le Méabh teacht chun tí lá eile chun na cúráin agus an gúna a fheiscint.
Come, let's choose something together and Meave can come to the house another day to see the sandals and dress.

Tá pus ar Anna. Níl sí sásta/Anna frowns – she's not happy

Mamaí: Anois is féidir leat do gheansaí gorm a chaitheamh inniu agus na stocaí leis na réalta /OK you can wear your blue jumper/sweater and your starry socks today.
Conas nach bhfuil sé sa tarraiceán nó sa vardrús? How come it's not in the drawer or the wardrobe?
Anois, cá bhfuil do sciorta dearg? Where's your little skirt?
An bhfuil sé glan? Is it clean?

Anna: Nach cuimhin leat a mham? Don't you remember Mammy?
Tá an sciorta dearg lán do phluda ó bheith ag garraíodóireacht. That skirt is full of mud from gardening

Tagann bogadh éigin in Anna ach fós níl sí sásta! Slight improvement in Anna but she's still not happy

Mamaí: Tá an ceart ar fad agat. You're absolutely right
Táimse chun tusa a fhágaint leat féin, táim chun dul síos staighre agus an bricfeast a ullmhú. Is cailín mór anois tú agus tánn tusa ana mhaith ag roghnú do chuid éadaigh féin, nach bhfuil? I'm going to leave you to dress yourself now, you're a big girl now and you can choose for yourself can't you? I'll go down and prepare breakfast.

Le claonadh dá ceann deir Anna go bhfuil. Tá sí sásta leis an socrú seo agus tosnaíonn sí ag dul i dtreo a cuid éadaigh.

/ Leaning her head slightly Anna indicates that she is happy with this arrangement and starts to get dressed.

Mamaí: Brostaigh ort anois! Níl puinn ama againn. Hurry up now we don't have much time

Ritheann Mamaí an doras amach agus síos an staighre. Mammy runs out the door down stairs. Aithríonn sí a luas agus tá sí ag bogadh i bhfad níos tapúla anois. She moving more quickly now.

Mamaí: I gcúntais Dé, cad a thug thar nais an leabaigh mé!!!
In the name of God what brought me back to bed!!!

Ritheann sí isteach sa chistin. She runs into the kitchen.

Bíonn sí ag fústráil ins na cófraí. *She buzzes about the presses.*

Tá an málá cáife folamh. *Coffee pouch is empty*

Tá leite ann/ But there's porridge

Tosnaíonn sí ar na leite. She starts *on the porridge.*

Is cuma faoin gcáife. *It doesn't matter about the coffee*

Mamaí: Ó an lón...an sean dhiabhal lón!!! Oh the lunch...that goddamn lunch.

Glaoann sí suas an staighre agus tosnaíonn comhrá idir an bheirt.

She shouts upstairs and they start to converse.

Mamaí: Conas tá ag éirí leat a stór? *How are you getting on darling?*

An bhfuil do chuid éadaigh ort? *Are you dressed?*

Anna: Go h-iontach Mamaí. *Very well Mammy.*

Mamaí: An bhfuil do chuid éadaigh ort? *Are you dressed?*

Anna: Is cailín móranois mé. *I'm a big girl now.* Teastaíonn uaim mé féin a ghléasadh gach maidin. *I want to dress myself every morning*

Mamaí: Ach *an bhfuil tú gléasta anois?* But, are you dressed now?

Anna: Táim gléasta fé mar a bheadh gaiscích. *I'm dressed just like a hero*

Féachann Mamaí suas i dtreo an staighre. *Mammy looks towards the stairs* Tá sí ar tí céim a thógaínt suas an staighre ach cloiseann sí an leite ag plobach ar an sorn. Ní féidir an bricfeast a dhó ag an bpointe seo. Tógann sí cinneadh dul isteach an chistin arís le déileáil leis an leite.

Mamaí: Sin go diall ar fad a stór. Tar anuas agus beidh bricfeast againn. *That's great sweetie. Come down now and have your breakfast.*

Tosnaíonn Mamaí ag cuir an leite amach ins na babhlaí agus á gcuir chun boird. Tá an bosca lón réidh leis aici. Cloistear na cois céimeanna ag teacht anuas an staighre. Tagann Anna isteach an seomra agus í gléasta go maith. Tá ionadh ar Mhamaí. Gach rud go maith agus ansin cítear na bróga, bróga caide atá uirthi. Ní deireann Mamaí faic. Is áiteamh é seo don tar éis an bhricfeast.

Mamaí: Nach aoibhinn an gearrchaile tú. *Aren't you the lovely girl...*
Tá ana jab déanta ag cailín beag Mhamaí. *Mammy's little girl has done a wonderful job.*
Seo, suigh síos agus bíodh do leite agat. *Here, sit down and have your porridge.*
Ar mhaith leat mil nó subh? *Would you like honey or jam?*

Anna: Subh más é do thoil é. *Jam please.*

Mamaí: Tá torthai againn, ar mhaith leat sú craobh nó úll? *We have fruit, would you like raspberries or an apple?*

Anna: Sú craobh más é do thoil é...agus braonín bainne. *Raspberries please and a drop of*

milk.

- Mamaí: Ana chailín. *Good girl.*
Cuirfead braoinín isteach sa chrúiscín duit. *I'll put a drop in the jug for you.*
Seo dhuit. Ana chailín. *Here you go. Good girl.*
Anois, agus tá do lón déanta agam duit. *Now, and I've your lunch ready.*
Is féidir é a chur isteach i do mhála nuair a bheith do leite ite agat. *Put it in your schoolbag when you have a chance.*

Féachann Mamaí ar a huairéadóir arís. Níl puinn ama fágtha.
Mammy looks at her watch. There's not much time left.

- Mamaí: **Ith suas anois**, ana chailín. *Eat up now, good girl.*

- Anna: Tá mo dhóthain agam. *I have enough.*

- Mamaí: Dhá spúnóg eile agus sin sin. Déanfaidh sé breá láidir tú.
Two more spoons and that's it. It'll make you good and strong.

Críochníonn Anna an dá spúnóg. Anna finishes the two spoons.

- Mamaí: Anois, beidh tú lán d'fhuinnimh inniu. Nach bhfuil rince agatsa inniu tar éis lóin?
You'll have loads of energy now for the day. Do you have dancing after lunch?

- Anna: Tá! Yes!

- Mamaí: Nach fearr agat do bhróga leathair a chaitheamh agus na céimeanna a bheith i gceart agat, fé mar a deir an múinteoir?
Would it not be better to put on your leather shoes so you can dance properly, as your teacher says?

Tosnaíonn Anna ag smaoineamh. Ní fios óna haghaidh cad atá ag dul trína ceann...
Anna starts to think. It's hard to tell what she's thinking...

- Anna: Tá an ceart ar fad agat Mamaí. Gan dabht is fearr na bróga leathair.
Your absolutely right Mammy. Of course, the leather shoes are better.

Ní féidir le Mamaí a chreidiúint go bhfuil Anna ag aontú leí. Tá miongháire móir ar a haghaidh.
Féachann sí ar a huairéadóir uair amháin eile.

- Mamaí: Anois, cuirse do lón isteach i do mhála scoile agus gheobhfadsa na casóga agus gach rud eile agus seo linn.
Now you put your lunch in your school bag and I'll get the coats and everything else and we'll be off.

Anois tá fuadar fúthu. Táid ag obair le chéile agus táid sásta. Tagann siad beirt le chéile. Cuireann Mamaí an casóg ar Anna agus cuireann Anna a mála scoile ar a drom.

- Mamaí: OK. **An bhfuil gach rud againn?** *That's it. Do we have everything?*

- Anna: Hata!

Mamaí: Ó hata! *Oh hat!*
Anna: Anois, tá gach rud againn! *Hat! Now, we have everything!*

Mamaí: Ana chailín. Nílimid olc in aon chor nuair a bhímid ag obair le chéile!
Great Girl. *We're not bad when we cooperate!*

Imíonn an bheirt amach an doras go tapaigh.

Ráitisí Teangan

Dé do bheathasa.	God of your life – an older richer
Greeting	
An gcodlaís go maith?	Did you sleep well?
Conas tá peata Mhamaí?	How's Mammys' pet?
Cad a thit amach?	What happened?
Seo linn síos don mbricfeasta a stór.	Let's go down for breakfast, dear.
Tá sé deas teolaí anseo.	It's lovely and cozy here.
Dúisigh!!	
Tapaigh!	Quickly!
Táimid déananch!	We're late!
Ní mórr dúinn deabhadh a dhéanamh.	We need to hurry.
<u>Níl aon chiall leis.</u>	There's no sense to that.
Piocfaimid rud éigin amach,	We'll choose something.
An bhfuil siad sa tarraiceán nó sa vardrús?	Are they in the drawer or the wardrobe?
Teastaíonn uaim mé féin a ghleasadh.	I want to dress myself.
An bhfuil tú gléasta?	Are you dressed?
Nach aoibhinn an gearrchaile tú.	Aren't you the lovely girl...
Ith suas anois.	Eat up now.
An bhfuil gach rud againn?	Do we have everything?